Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2023
(OR. en)

16460/23
PV CONS 66
JAI 1627
COMIX 571

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

4 agus 5 Nollaig 2023

**DÉ LUAIN, AN 4 NOLLAIG 2023**

**CEARTAS**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15812/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**Liosta neamhreachtach** 16058/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Rialachán maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú** [O][C] 15657/23
*Cur chuige ginearálta* + ADD 1-2

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán atá beartaithe. Leagtar amach san Iarscríbhinn ráitis ó Éirinn agus ráiteas comhpháirteach ón tSeicia, ón Eastóin agus ón tSlóvaic.

**4. Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE maidir le cearta íospartach** [O][C] 15710/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an Treoir atá beartaithe.

**5. Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair** 15734/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

| | | |
|---|---|---|
| 6. | Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac[1]<br>*Staid na himeartha* | 15658/23 + COR 1 |
| 7. | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh[2] | 15711/23 |
| | (a) Staidéar ar fheidhmiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh | 15779/23<br>+ ADD 1-3 |
| | (b) Caidreamh leis na húdaráis náisiúnta<br>*Seisiún tuairimíochta* | 15924/23 |
| 8. | Seasamh agus torthaí ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)<br>*Formheas* | 15507/23 |
| 9. | Straitéis Eorpach don r-Cheartas 2024-2028<br>*Formheas* | 15509/23 |
| 10. | Aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR)<br>*Staid na himeartha* | 15134/23 |
| 11. | Aon ghnó eile | |
| | (a) Ceapachán Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 14960/23 |
| | (b) Fóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile, Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 11958/23<br><br><br>14011/23 |
| | (c) Cruinniú Aireachta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (Washington, an 13-14 Samhain 2023)<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | |
| | (d) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stát Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | |
| | (e) Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm Cháirt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | |
| | (f) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta<br>*Cur i láthair ón mBeilg* | |

[1] Tugadh cuireadh, le haghaidh an phointe seo, do ghníomhaireachtaí an Aontais Eurojust agus Europol.

[2] Tugadh cuireadh don Ionchúisitheoir Poiblí Eorpach le haghaidh an phointe seo.

**DÉ MÁIRT, AN 5 NOLLAIG 2023**

**GNÓTHAÍ BAILE**

### RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

12. Staid ghinearálta limistéar Schengen
    (a) Baraiméadar Schengen — 15315/23
    (b) Na córais um fhilleadh a dhéanamh níos éifeachtaí — 15925/23
    *Seisiún tuairimíochta*

13. Cinneadh ón gComhairle maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán sa Bhulgáir agus sa Rómáin — 16090/23
    *Staid na himeartha*

### SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**14. An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann**[3] ❶C
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

**15. Aon ghnó eile**
**(a) Rialachán chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac** ❶C
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(b) Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II')** ❶C
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

[3] Go heisceachtúil i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.

**(c) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair** 15734/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na ngnóthaí baile.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

16. An imirce agus an tearmann: an ghné sheachtrach [3,4]
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

17. Iarmhairtí fhogha na Rúise faoin Úcráin [3,5] 15443/23
An tslándáil inmheánach
*Seisiún tuairimíochta*

18. Impleachtaí na staide sa Mheánoirthear le haghaidh slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh [3,5] 15443/23
*Seisiún tuairimíochta*

19. Dúshláin slándála a chomhrac: measúnú arna dhéanamh ag an mBord Comhairleach Faisnéise [3,6]
*Cur i láthair ó Uachtarán an Ghrúpa Frithsceimhlitheoireachta (CTG)*
*Staid na himeartha*

20. Moladh ón gComhairle maidir le treoirphlean i ndáil le bonneagar criticiúil C 15825/23
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

---

4 Tugadh cuireadh, le haghaidh an phointe seo, do ghníomhaireachtaí an Aontais, Frontex, Europol agus EUAA.

5 Tugadh cuireadh, le haghaidh an phointe seo, do ghníomhaireachtaí an Aontais Frontex agus Europol.

6 Tugadh cuireadh, le haghaidh an phointe seo, do ghníomhaireacht an Aontais, Europol, agus d’Uachtarán an Ghrúpa Frithsceimhlitheoireachta (CTG).

21. Aon ghnó eile

(a) Fóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile, Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023 — 11958/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht* — 14011/23

(b) Cruinniú Aireachta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (Washington, an 13-14 Samhain 2023)
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(c) An dara cruinniú iomlánach den Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, an Bhruiséil, an 21 Samhain 2023 — 15292/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(d) Cruinniú comhairliúcháin idir na stáit atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise, Vilnias, an 27 Deireadh Fómhair 2023
*Faisnéis ón Liotuáin*

(e) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Cur i láthair ón mBeilg*

---

❶ An chéad léamh

✋ Mír shrianta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 15812/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT NA SEICE, ÓN EASTÓIN AGUS ÓN tSLÓVAIC**

'Mheas Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na hEastóine gur deis é an togra le haghaidh Rialachán maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú chun an nós imeachta maidir le haistriú imeachtaí coiriúla idir na Ballstáit a shimpliú, a fheabhsú agus a chomhchuibhiú. Sin é an fáth ar ghlac siad páirt an-ghníomhach sa chaibidlíocht ón tús.

Is mór ag Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na hEastóine go bhfuil go leor dá gcuid barúlacha curtha san áireamh ag an Uachtaránacht agus go bhfuil go leor de na moltaí a rinne siad le linn an phróisis caibidlíochta curtha san áireamh aici freisin.

Measann Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na hEastóine gur rud an-dearfach é go ndéantar an méid a leanas sa Rialachán:

- go gcruthaítear creat aonfhoirmeach chun imeachtaí coiriúla a aistriú,
- gur féidir imeachtaí coiriúla a aistriú, fiú, i gcoinne ciontóir anaithnid,
- go gcoimeádtar an córas iarrataí ar bun,
- go bhforáiltear gur féidir aistriú imeachtaí coiriúla a dhiúltú i gcásanna áirithe,
- go bhfuil sé teoranta go heisiach d'aistriú imeachtaí coiriúla, agus
- go mbunaítear foirm aonfhoirmeach don iarraidh ar imeachtaí coiriúla a aistriú agus go leagtar síos teorainneacha ama do ghníomhartha aonair an nós imeachta maidir le haistriú.

Ó thús na caibidlíochta maidir leis an dréacht den Rialachán, chuir Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na hEastóine i gcoinne leigheas dlí a thabhairt isteach d'amhrastaigh/cúisithe/íospartaigh in aghaidh an chinnidh imeachtaí coiriúla a aistriú. Ar an drochuair, níor cuireadh san áireamh na hargóintí a chuireamar chun cinn go leanúnach le linn na caibidlíochta agus, dá bhrí sin, tá an oibleagáid sin sa Rialachán fós. Feictear dúinn, go bunúsach, gur drochrud an méid sin.

- Más rud é go mbeidh cearta agus saoirsí amhrastach/cúisithe a ráthaítear le dlí an Aontais á sárú trí imeachtaí coiriúla a aistriú, ní mór cearta na n-amhrastach/na gcúisithe a bhféadfadh aistriú na n-imeachtaí difear a dhéanamh dóibh a shainaithint go soiléir. Níl aon cheart ann, áfach, ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh i mBallstát ar leith den Aontas. Príomhghné d'aistriú na n-imeachtaí is ea prionsabal riar cuí an cheartais agus forfheidhmiú éifeachtach an cheartais. Ní hiontas ar bith é nach mbeadh an prionsabal sin ag amhrastaigh/cúisithe; is minic a bhíonn leasanna an-éagsúil acu.

- Ar an gcaoi chéanna, trí imeachtaí coiriúla a aistriú ní dhéantar aon sárú ar chearta íospartach. I mBallstáit de chuid an Aontais atá faoi cheangal ag an Treoir maidir le Cearta Íospartach, urramaítear caighdeáin chosanta do chearta íospartach in imeachtaí coiriúla. I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhmiú cheart an íospartaigh chomh 'compordach' céanna, ach níor cheart go mbeadh sé sin ina chúis le bac a chur ar imeachtaí coiriúla a aistriú.
- Ní fhoráiltear don cheart chun leigheas dlí (is amhlaidh an cás maidir leis an oibleagáid dul i gcomhairle roimh ré agus tuairim a fháil maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú, cé go bhfuil sé teoranta go páirteach san fhoclaíocht atá ann faoi láthair) in aon cheann d'fhorálacha normatacha Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe chun Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú. Cé nach rialaítear sa Rialachán seo aistriú na n-imeachtaí coiriúla, ós rud é nach bhfeidhmíonn OIPE a dhlínse féin, ach go bhfeidhmíonn sé dlínse choiriúil Bhallstáit an Aontais atá faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2017/1939, foráiltear sa Rialachán seo do rialacha maidir le cás coiriúil a aistriú ó dhlínse Ballstáit amháin go dlínse Ballstáit eile. Dá bhrí sin, tá timpeallacht á cruthú againn ina dtabharfar fabhar d'amhrastaigh/cúisithe i gcineálacha áirithe imeachtaí coiriúla thar dhaoine eile.
- Is áiféiseach an méid, cé go ndeonaítear ceart nua chun leigheas dlí sa Rialachán, cuirtear srian, a bheag nó a mhór, ar an gceart sin i gcás na ndaoine sin nach seirbheálfar orthu, faoi choinníollacha áirithe, cinntí lena ndéantar imeachtaí coiriúla a ghlacadh ar láimh; níl an measúnú ar na coinníollacha sin infhíoraithe ar bhealach ar bith agus beidh sé faoi rogha údarás breithiúnach an Stáit iarrtha. Ní léir dúinn gur réiteach pragmatach é an srian *de facto* sin ar an rochtain ar leigheas, rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhadhb bhunreachtúil.

Is é aistriú imeachtaí coiriúla idir na Ballstáit an réimse deireanach den chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla nach rialaítear go haonfhoirmeach idir Ballstáit an Aontais. Chun an rún bunaidh a chomhlíonadh, ionas go mbeidh Rialachán nua-aimseartha, éifeachtach, simplí, soiléir, so-infheidhmithe ann do chleachtóirí, b'iomchuí níos mó ama a chaitheamh lena phlé i bhformáid mheitheal COPEN.

In ainneoin an mhéid thuas, aithníonn Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na hEastóine na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht le linn na caibidlíochta maidir leis an dréachtrialachán, chun teacht ar réiteach maidir leis an bhfoclaíocht chomhréitigh sa téacs atá á thíolacadh faoi láthair, agus is mór acu na hiarrachtaí sin.'

**RÁITEAS Ó ÉIRINN**

'Le litir dar dáta an 13 Iúil 2023, thug Éire fógra go raibh sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an togra seo faoi Airteagal 3(1) de Phrótacal 21 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais).

Tá sé sin i gcomhréir leis an Dearbhú ó Éirinn maidir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais (Dearbhú C. 56), ina ndearbhaíonn Éire go bhfuil rún daingean aici a ceart faoi Airteagal 3 a fheidhmiú a mhéid a mheasann sí is féidir.

Is mian le hÉirinn Airteagal 67(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a mheabhrú, ina leagtar amach an méid seo a leanas: 'Is éard a bheidh san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát.'

Trí roghnú a bheith páirteach sa togra seo, tá sé léirithe ag Éirinn gur mian léi oibriú i gcomhar a mhéid a bhaineann le himeachtaí coiriúla a aistriú. Mar sin féin, ionas go mbeidh Éire in ann an Rialachán a chur i ngníomh agus comhar éifeachtach a dhéanamh le Ballstáit eile de chuid an Aontais, ní mór córais cheartais choiriúil an dlí choitinn a chur san áireamh sa téacs críochnaitheach a ghlacfar.

Tá Éire den tuairim go mbaintear an aidhm sin amach sa Chur Chuige Ginearálta atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad 15657/23 an 24 Samhain 2023, agus tacaímid leis.

Áirithítear leis an sainmhíniú leasaithe ar 'údarás iarrtha' in Airteagal 2(4) gur breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí a dhéanfaidh an cinneadh maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú. Mar sin féin, déanann sé an chinnteoireacht sin a dhíchúpláil ó bhearta ullmhúcháin nó bearta ina dhiaidh sin a dhéanamh. Ar an gcaoi sin, is féidir an sainmhíniú a chur i bhfeidhm i gcóras dlí choitinn, córas ina ngníomhaíonn imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus breithiúna go neamhspleách i bhfeidhmiú a gcumhachtaí agus ina bhfeidhmíonn siad feidhmeanna ar leith agus ar leithligh.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis an Uachtaránacht, le hArdrúnaíocht na Comhairle, le Seirbhís Dlí na Comhairle agus leis na Ballstáit as an gcúnamh a thug siad chun teacht ar réiteach atá fónta ó thaobh an dlí de, a urramaíonn bunús dlí an Rialacháin, agus nach mbeidh drochthionchar aige ar na Ballstáit a bhfuil traidisiún éagsúil dlí acu.

Táimid go láidir den tuairim gur cheart an leagan leasaithe d'Airteagal 2(4) atá san áireamh sa Chur Chuige Ginearálta a choinneáil sa chaibidlíocht thríthaobhach ionas nach mbeidh tionchar tromchúiseach aige ar chumas na hÉireann a áirithiú go mbeidh an Rialachán seo inoibrithe laistigh dá córas ceartais choiriúil.'